# Taifead Reatha: Na Cóid

| Iompraíocht | Nodaireacht | Sampla | Earráid |
|---|---|---|---|
| Freagairt cheart | Cuir tic leis na focail a léitear i gceart | √ √ √ √ √<br>Maidin Shathairn a bhí ann. | Ní earráid é |
| Malartú focal | Scríobh an focal a dúradh os cionn an fhocail | √ √ √ √ √ √ √ siúl<br>Bhí Mamaí agus Daidí ag dul ag ~~siopadóireacht~~. | earráid |
| Mífhuaimniú | Scríobh an focal mífhuaimnithe os cionn an fhocail | √ √ √ √ √ √ tabhairt √ √ √<br>Bhí Mamó ann chun aire a ~~thabhairt~~ do na páistí. | earráid |
| Tionchar an Bhéarla | Scríobh an focal/ an fhuaim a dúradh | √ √ ch *(church)* √ √ √ √ √<br>"Ó, a chréatúir," arsa Mamó. "Tá ocras oraibh." | earráid |
| Ionsá | Scríobh isteach an focal breise | √ √ √ anois√ √ √ √ √<br>"Tá súil agam ^go mbeidh lá deas agaibh." | earráid |
| Easnamh | Cuir fleasc san áit ar fágadh focal ar lár | √ √ ______ √ √ √ √ √<br>"Ná déan dearmad milseáin a thabhairt ar ais." | earráid |
| Tacaíocht múinteora | Scríobh T san áit ar thacaigh múinteoir | √ √ √ T √ √ √<br>"Ní raibh aon bricfeasta againn," arsa Muireann. | earráid |
| Iarracht | Scríobh gach iarracht a dhéantar | √ √ √ Muir-eann √ √ √ √<br>"Slán libh," arsa Muireann le Mamaí agus Daid. | Ní earráid é, má tá sé ceart |
| Athrá | Tarraing líne, scríobh A os cionn an fhrása a dúradh arís | √ √ √ √ A<br>Isteach léi sa chistin le bricfeasta a dhéanamh. | Ní earráid é |
| Féincheartú | Scríobh FC os cionn an fhocail cheartaithe | √ √ √ √ √ bord-mbord √ √<br>"Tá an bricfeasta ar an mbord," ar sise. | Ní earráid é |

J. de Brún 2020